Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

IARRATAS AR THOILIÚ CHUN MAOIN AR PHRAGHAS RÉASÚNTA A LIGEAN A SOLÁTHRAÍODH FAOI SCÉIM TITHE AR PHRAGHAS RÉASÚNTA CHOMHAIRLE CONTAE FHINE GALL.

LEABHRÁN EOLAIS

&

FOIRM IARRATAIS

Feabhra 2010

IARRATAS AR THOILIÚ CHUN MAOIN AR PHRAGHAS RÉASÚNTA A LIGEAN A SOLÁTHRAÍODH FAOI SCÉIM TITHE AR PHRAGHAS RÉASÚNTA CHOMHAIRLE CONTAE FHINE GALL.

LEABHRÁN EOLAIS

Ghlac an Chomhairle leis an tuairisc seo a leanas ag a cruinniú a tionóladh ar an 9 Samhain 2009.

"*A cheadú d'Úinéirí Tithe ar Phraghas Réasúnta a dtithe a "ligean ar cíos" go sealadach faoi réir:*

1. *An tréimhse aisghlámtha a bheith fadaithe faoi thréimhse is ionann agus an tréimhse ina mbeidh an teach ar phraghas réasúnta á ligean ar cíos.*

2. *Na hoibleagáidí reachtúla a cheanglaítear ar thiarna talún príobháideach maidir le haon ligean ina dhiaidh sin, lena n-áirítear clárú leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha, a bheith á gcomhlíonadh ag an iarratasóir* "

Conas Iarratas a Dhéanamh?

Más mian leat iarratas a dhéanamh chun do mhaoin ar phraghas réasúnta a ligean déan an fhoirm iarratais a chomhlánú le do thoil agus í a chur ar ais chuig:

Comhairle Contae Fhine Gall
An Roinn Tithíochta
Rannóg na gCuntas Iasachta
Bóthar an Gharráin
Baile Bhlainséir
Baile Átha Cliaith 15.

Téarmaí agus Coinníollacha:

1. Déanfar an tréimhse aisghlámtha a fhadú faoi thréimhse is ionann agus an tréimhse ina mbeidh an teach ar phraghas réasúnta á ligean ar cíos.
2. Caithfidh tú na hoibleagáidí reachtúla **uile*** a cheanglaítear ar thiarna talún príobháideach, lena n-áirítear (a) clárú leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha (PRTB) (b) na Coimisinéirí Ioncaim a chur ar an eolas nach í an mhaoin do ghnátháit chónaithe agus a rialacháin a chomhlíonadh maidir le cánacha cuí a íoc ar an ioncam ó chíos.
   ***(Tabhair do d'aire le do thoil go bhféadfadh oibleagáidí/coinníollacha eile a bheith ann a chaithfear a chomhlíonadh. Féach www.revenue.ie agus www.prtb.ie agus d'Institiúid iasachtaí (féach pointe 7 thíos) chun tuilleadh eolais a fháil, le do thoil)
3. Ní chuirfidh Comhairle Contae Fhine Gall Faoiseamh Cánach ag an bhFoinse (TRS) a mhéadódh do thráthchuid mhíosúil i bhfeidhm ar do mhorgáiste a thuilleadh.
4. Ní mór duit seoladh seachadta nó ainm, seoladh agus uimhir theileafóin teagmhálaí a chur ar fáil.
5. Caithfidh tú an Chomhairle a chur ar an eolas nuair a bheidh tú ar ais i do chónaí sa mhaoin.
6. Caithfidh tú leanúint de d'aisíocaíochtaí míosúla ar iasacht a dhéanamh lena n-áirítear árachas cosanta morgáiste agus gan ligean do d'iasacht a bheith i riaráistí.
7. Má tá morgáiste agat le hinstitiúid iasachtaí seachas Comhairle Contae Fhine Gall ní mór duit an institiúid iasachtaí sin a chur ar an eolas maidir leis an ligean agus a dtéarmaí agus coinníollacha a chomhlíonadh.
8. Caithfear an mhaoin a bheith cothabháilte mar is cuí saor ó iompraíocht fhrithshóisialta.
9. Caithfear clúdach árachais foirgnimh a bheith ann.

IARRATAS AR THOILIÚ CHUN MAOIN AR PHRAGHAS RÉASÚNTA A LIGEAN A SOLÁTHRAÍODH FAOI SCÉIM TITHE AR PHRAGHAS RÉASÚNTA CHOMHAIRLE CONTAE FHINE GALL.

FOIRM IARRATAIS

<table>
<tr><th colspan="5">SONRAÍ PEARSANTA:</th></tr>
<tr><td colspan="2">IASACHTAÍ</td><td colspan="3">COMHIASACHTAÍ</td></tr>
<tr><td colspan="5">Uimh. an Chuntais Iasachta:</td></tr>
<tr><td>Céadainm</td><td colspan="2">Sloinne</td><td>Céadainm</td><td>Sloinne</td></tr>
<tr><td>Dáta Breithe:</td><td colspan="2">Uimh. PPS:</td><td>Dáta Breithe:</td><td>Uimh. PPS:</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="2"></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td colspan="5">Líon Cleithiúnaithe: ☐</td></tr>
<tr><td>Fón i Rith an Lae:</td><td colspan="2">Fón Póca/Fón baile:</td><td>Fón i Rith an Lae:</td><td>Fón Póca/Fón Baile:</td></tr>
<tr><td colspan="2">Ríomhphost:</td><td colspan="3">Ríomhphost:</td></tr>
<tr><td>Stádas Pósta</td><td>☐ Singil ☐ Pósta
☐ Scartha ☐ Colscartha
☐ Baintreach ☐ Ar tí pósadh
☐ Eile</td><td colspan="2">Stádas Pósta</td><td>☐ Singil ☐ Pósta
☐ Scartha ☐ Colscartha
☐ Baintreach ☐ Ar tí pósadh
☐ Eile</td></tr>
<tr><td colspan="5">D’Institiúid Iasachtaí:</td></tr>
<tr><td colspan="5">Seoladh na maoine le ligean:</td></tr>
<tr><td colspan="5">Dáta tosaithe an ligin</td></tr>
<tr><td colspan="5">Tréimhse:</td></tr>
<tr><td colspan="5">Seoladh Seachadta nó sonraí teagmhálaí</td></tr>
</table>

An chúis leis an Maoin a ligean: -

_____

_____

_____

- Údaraím/Údaraímid an Chomhairle aon eolas a lorg agus a fháil a éileoidh an Chomhairle ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha, Pobail agus Teaghlaigh, ó na Coimisinéirí Ioncaim, ón mBord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha, ó Institiúid Iasachtaí nó aon fhoinse eile maidir leis an iarratas seo.

- Táim/Táimid ar an eolas go bhféadfadh aon eolas bréagach nó míthreorach a áireamh, nó eolas ríthábhachtach a fhágáil ar lár, m'iarratas a dhéanamh neamhbhailí.

- Aontaím/Aontaímid na téarmaí agus coinníollacha uile a chomhlíonadh a bhaineann le ligean ár maoine/mo mhaoine ar phraghas réasúnta.

- Cuirfidh mé/Cuirfimid an Bord um Thionóntachtaí Cónaithe Príobháideacha, na Coimisinéirí Ioncaim agus m'institiúid/ár n-institiúid iasachtaí (más infheidhme) ar an eolas maidir le ligean mo mhaoine/ár maoine ar phraghas réasúnta agus comhlíonfaidh mé/comhlíonfaimid a dtéarmaí agus coinníollacha.

- Comhaontaím/Comhaontaímid leanúint de mo mhorgáiste a íoc lena n-áirítear árachas cosanta morgáiste gach mí agus gan ligean do mo mhorgáiste a bheith i riaráistí.

- Glacaim/Glacaimid go ndéanfar an tréimhse aisghlámtha a fhadú faoi thréimhse is ionann agus an tréimhse ina mbeidh an teach ar phraghas réasúnta á ligean.

Síniú an Iasachtaí:-

Síniú an Chomhiasachtaí:-

Dáta: _____